Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/6702

19.12.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6702)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 8310	12 Nollaig 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	LSM S.r.l., Via Casali, 21 24060 Castelli Calepio, an Iodáil	REACH/25/45/0	Plátáil chróim chrua ar mhúnlaí chun earraí rubair theicniúil agus earraí gaolmhara a mhonarú le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí, na hearnála hiodrálaí agus na hearnála leighis agus le haghaidh an tionscail fearas teaghlaigh	An 22 Bealtaine 2034	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6702/oj